



IRISH TRANSLATORS' and INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ agus ATEANGAIRÍ NA hÉIREANN

Translation Competition for Secondary School Students – calling on all budding translators

The Irish Translators' and Interpreters' Association (ITIA) was set up in 1986 and is the only professional association in Ireland representing the interests of practising translators and interpreters.

Following the successful competition over the last four years, the ITIA is once again organising a translation competition for secondary school students in Ireland.

Students are asked to translate an excerpt from a novel or short story from one of the following languages into English: French, Chinese (Mandarin), German, Irish, Italian, Polish, Japanese or Spanish.

A prize of €100 will be awarded to the best translation for each language.

The deadline for receipt of translations is:

5 pm, Friday, 15 May 2020

Completed translations are to be sent as a PDF attachment only to:

competition@translatorsassociation.ie

- **Please include your name, the name of your school and your year at school when submitting your translation.**
- While students are encouraged to do online research and to use dictionaries, the use of a machine translation system such as Google Translate to actually translate the text is not permitted.
- **Previous winners may only enter for a language combination for which they have not won a prize.**
- Please note: the competition is not open to the families of members of the Association.
- Winners will be announced in September 2020 and a prize-giving ceremony will be held in Dublin.
- Please address all queries to: competition@translatorsassociation.ie



IRISH TRANSLATORS' and INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ agus ATEANGAIRÍ NA hÉIREANN

Please see Irish text below:

D'éirigh mé agus chuaigh ag spaisteoireacht, ag ceapadh go n-éireodh liom cuimhneamh ar phlean éigin. I mbailte móra eile, nuair atá duine i gcrúachás, agus náire agus ceann faoi air, ní fheictear dó go bhfuil na rudaí ina thimpeall – na tithe, na ballaí, an tsráid féin – ag iarraidh aon cheo a dhéanamh air. Ach i Londain, ceapann duine go gcuirfeadh na tithe móra gruama dá chois é – go dtitfidís air, dá gcuirfidís an trioblóid sin orthu féin i ngeall ar shuarachán mar é.

Tithe móra aíochta a bhí i mo thimpeall anois. An bruscar a fágadh taobh amuigh de gach teach i gcannaí móra millteacha, bhí daoine á ransú. Seandaoine, idir fhir agus mhná, a bhformhór, agus nuair a thioctadh cuid acu ar ruainne aráin nó feola d'fheicfeá iad ag breith air lena méara caola tanaí, agus ag glanadh an tsalachair den bhia brocach sin lena gcuid ingne. Ag cromadh os cionn na soithí stáin úd dóibh, i mbreacsholas na maidine, agus na tithe móra aíochta ag féachaint anuas orthu go scigiúil, ba gheall le scata éan mór uafásach ocrach allta iad a bheadh ag piocadh cnámha duine lena mórchrobha garbha i bhfásach. Ag dearcadh dom orthu, tháinig crith orm, mar a thioctadh ort agus tú ag éisteacht le duine ag scríobadh gloine.

An Bhean Mhór Ramhar! Nuair a tháinig an smaoineamh chugam cheap mé go raibh liom. D'fhéadfainn cuairt a thabhairt uirthi siúd tráth ar bith. Bhain mé as, agus dá mbeadh eochair na bhflaitheas i mo phóca, ní fhéadfadh níos mó lúcháire a bheith orm. Bheadh fáilte ag an mbean mhór rua romham. B'fhéidir go n-éireodh léi mé a tharrtháil.

Agus d'éireodh, murach go raibh an seomra fuar folamh romham. Shílfeá nár chónaigh neach ann leis na blianta.

Tháinig cumha mo chroí orm nuair nach raibh an bhean mhór úd a d'fhóir orm ar nós máthar ann le fáiltiú romham anois.

Bhuail mé fúm ar an urlár san áit ar shuíomar beirt os comhair na tine an oíche cheomhar úd fadó.

Bhí boladh agus seitreach na gcapall aníos chugam trí na siúntaí sna cláir. Bhí duine thíos ann freisin agus é ag scuabadh na leac. É ag scuabadh agus ag síorscuabadh, agus b'fhacthas dom nár oibrigh aon duine scuab chomh dian riamh ón uair a bhain Éabha an chéad bheart fraoigh lena háras a ghlanadh.

Pádraig Ó Conaire (adapted)